Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2022
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0167(COD)**

**9598/22**
**ADD 3**

**JAI 768**
**COPEN 212**
**DROIPEN 72**
**CODEC 799**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2022) 246 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR […] a ghabhann leis an doiciméad Tionscnamh le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2022) 246 final.

Faoi iamh: SWD(2022) 246 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 25.5.2022
SWD(2022) 246 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

**[…]**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Tionscnamh le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

**maidir le haisghabháil agus coigistiú sócmhainní**

{COM(2022) 245 final} - {SEC(2022) 245 final} - {SWD(2022) 245 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar an athbhreithniú ar rialacha an Aontais maidir le coigistiú agus aisghabháil sócmhainní |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Tá an choireacht eagraithe ar cheann de na bagairtí is mó ar shlándáil an Aontais Eorpaigh. I ngeall ar na modi operandi atá ag éirí níos casta agus na modhanna sofaisticiúla chun sócmhainní aindleathacha a sciúradh agus a cheilt, mar aon le scála na mbrabús ollmhór a dhéanann siad, a mheastar ar EUR 139 billiún ar a laghad in aghaidh na bliana, tá sé thar a bheith deacair cur isteach ar an gcoireacht eagraithe. Is riachtanach brabúis aindleathacha a aisghabháil agus is riachtanach a áirithiú nach bhfaighfear leas as an gcoireacht. In ainneoin an Chinnidh ón gComhairle in 2007 maidir le hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus Treoir 2014 maidir le Coigistiú, lena leagtar síos íoschaighdeáin maidir le reo agus coigistiú, ní thógtar ach codán beag de shócmhainní aindleathacha ó na coirpigh. Is iad seo a leanas na cúiseanna:<br>• **Tá teorainn leis an gcumas sócmhainní a shainaithint, a rianú agus a reo go gasta** ós rud é nach dtugann lucht forfheidhmithe dlí tosaíocht d'imscrúduithe airgeadais agus nach bhfuil na hacmhainní, na cumhachtaí agus an fhaisnéis ag na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní chun comhoibriú go héifeachtúil ó Bhallstát go chéile**;**<br>• **Ní i gcónaí a dhéantar sócmhainní a bhainistiú ar bhealach éifeachtúil**, ós rud é nach mbíonn an saineolas is gá ar fáil i gcónaí agus ní go córasach a ghlactar bearta lena n-áirithítear nach gcailleann sócmhainní a luach. Is dídhreasacht é na costais arda bainistíochta agus dímheas na sócmhainní maidir le nósanna imeachta rianaithe sócmhainní agus reo a sheoladh;<br>• **Ní chumhdaíonn na huirlisí coigistíochta atá ann faoi láthair gach margadh coiriúil** agus níor ceapadh iad chun fáltais ón gcoireacht a ghabháil i gcás ina ndéanann coirpigh, go háirithe iad siúd atá ag barr na bhfiontar coiriúil, a rianta a chumhdach go rathúil agus foinse aindleathach na sócmhainní a cheilt.<br>• Thairis sin, níl dóthain tosaíochta tugtha d'aisghabháil agus coigistiú na sócmhainní agus tá raon leathan údarás ann a bhfuil róil éagsúla de chúram orthu. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Leis an tionscnamh seo, táthar ag súil leis **go neartófar cumas na n-údarás inniúil deireadh brabúis aindleathacha na gcoirpeach a thógáil uatha**, rud a chuirfidh isteach ar a gcumas tuilleadh gníomhaíochta choiriúil a dhéanamh. Agus an cuspóir ginearálta sin á shaothrú, tá sé d'aidhm ag an tionscnamh seo ceithre chuspóir shonracha a bhaint amach:<br>• **Na cumais rianaithe sócmhainní a neartú** trína áirithiú go mbeidh na hinniúlachtaí agus na hacmhainní ag na húdaráis inniúla mar aon le rochtain leordhóthanach ar fhaisnéis chun sócmhainní a rianú agus chun comhoibriú thar theorainneacha;<br>• **Feabhas a chur ar uirlisí bainistíochta sócmhainní** chun costais a íoslaghdú agus luach na sócmhainní a chosaint;<br>• **Cumas coigistíochta a neartú**, lena gcuirtear ar chumas na n-údarás gníomhaíochtaí coiriúla agus sócmhainní aindleathacha atá i seilbh grúpaí coireachta eagraithe agus go háirithe i seilbh lucht a mbainistíochta a ghabháil;<br>• **Feabhas a chur ar éifeachtúlacht an chórais aisghabhála sócmhainní** trí chur chuige níos straitéisí agus trí chomhar méadaithe. |
| **Cad é an breisluach atá le beart ar leibhéal an Aontais?** |
| Roinneann grúpaí coireachta eagraithe a gcuid maoine aindleathaí thar dhlínsí éagsúla. Braitheann na húdaráis náisiúnta ar shócmhainní a bheith rianaithe agus reoite go héifeachtach i mBallstáit eile agus ar shásraí comhair ar fud an Aontais chun sócmhainní aindleathacha a aisghabháil. Bíonn tionchar ag easpa forálacha aisghabhála sócmhainní i mBallstát amháin ar shlándáil na mBallstát uile ina n-úsáideann grúpaí coireachta eagraithe na brabúis aindleathacha le haghaidh gníomhaíochtaí coiriúla ar fud an Aontais. D'aithin údaráis náisiúnta agus páirtithe leasmhara gur fearr is féidir leis an Aontas Eorpach rialacha coiteanna a fhorbairt chun dul i ngleic leis an bhfeiniméan coiriúil trasnáisiúnta seo. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?** |
| Chomh maith le rogha neamhreachtach (**rogha 1**) dírithe ar dhea-chleachtais, treoir agus oiliúint a mhalartú, rinneadh measúnú ar thrí rogha reachtacha lena dtugtar aghaidh ar gach cuspóir sonrach, agus is í rogha 3 an rogha thosaíochta:<br>• **Cuspóir I: cumais rianaithe sócmhainní a neartú** |

- **Rogha 2:** Cumhachtaí agus acmhainní na nOifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus a rochtain ar bhunachair shonraí a neartú.
- **Rogha 3:** Chomh maith leis na bearta dá bhforáiltear i Rogha 2, a éileamh go seolfar imscrúduithe airgeadais go córasach i gcás tacar áirithe coireanna, agus malartú na faisnéise idir na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní a rialú.
- **Rogha 4:** I dteannta na gceanglas a measadh i Rogha 3, an oibleagáid maidir le himscrúduithe airgeadais a leathnú chuig gach coir agus pointí teagmhála 24/7 a thabhairt isteach d'Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní.

- **Cuspóir sonrach II: Bainistíocht éifeachtach sócmhainní a áirithiú**
  - **Rogha 2:** Pointí teagmhála a bhunú chun comhar trasteorann idir na hOifigí Bainistíochta Sócmhainní a éascú agus prionsabail ghinearálta maidir le bainistiú na sócmhainní a leagan amach.
  - **Rogha 3:** Sa bhreis ar na bearta dá bhforáiltear i Rogha 2, a éileamh go mbunódh na Ballstáit uile Oifigí Bainistíochta Sócmhainní speisialaithe agus go n-áiritheofaí gur féidir leo na sócmhainní a dhíol sula gcaillfí a luach.
  - **Rogha 4:** Gach tasc rianaithe agus bainistíochta a lárú in aon Oifig amhail um Aisghabháil agus Bainistíocht Sócmhainní.
- **Cuspóir sonrach III: An cumas coigistíochta a neartú**
  - **Rogha 2:** Raon feidhme na mbeart coigistíochta a leathnú go dtí na 'coireanna euro' go léir (i.e. gáinneáil ar airm thine).
  - **Rogha 3:** An raon feidhme a leathnú chuig na coireanna coireachta eagraithe is mó a chruthaíonn ioncam (góchumadh, calaois, etc.) agus samhail nua coigistíochta a thabhairt isteach lenar féidir sócmhainní a choigistiú a eascraíonn as gníomhaíochtaí coiriúla ach nach mbíonn baint dhíreach acu le coir shonrach, agus atá ar díréir le hioncam an úinéara.
  - **Rogha 4:** I dteannta na mbeart atá i Rogha 3, an raon feidhme a leathnú chuig gach coir ('cur chuige na gcoireanna go léir').
- **Cuspóir sonrach IV: Feabhas a chur ar éifeachtúlacht fhoriomlán an chórais aisghabhála sócmhainní**
  - **Rogha 2:** Ceangal a chur ar na Ballstáit straitéis náisiúnta a bhunú maidir le haisghabháil sócmhainní ina leagtar amach comhchuspóirí, lena sainítear róil na ngníomhaithe éagsúla agus an comhar eatarthu.
  - **Rogha 3:** Oibleagáidí comhair agus ceanglais tuairiscithe a leagan síos maidir le feidhmiú an chórais aisghabhála sócmhainní, le moltaí féideartha. Clárlanna sócmhainní a bhunú chun cinntí maidir le haisghabháil sócmhainní a rianú.
  - **Rogha 4:** Clárlanna sócmhainní na mBallstát a idirnascadh ar fud an Aontais.

**Cé hiad na geallsealbhóirí éagsúla agus cé na bearta is rogha leo?**

**Tá an idirghabháil reachtach ag teacht le súil na gcomhreachtóirí**, a d'iarr ar an gCoimisiún, tráth a glacadh an Treoir um Choigistiú, anailís a dhéanamh ar a indéanta a bheadh sé rialacha breise a thabhairt isteach maidir le coigistiú maoine coiriúla in éagmais ciontú. Ina theannta sin, i mí an Mheithimh 2020, d'iarr an Chomhairle ar an gCoimisiún féachaint an bhféadfaí **an creat dlíthiúil maidir le maoin reoite a bhainistiú a neartú agus cumhachtaí breise a thabhairt d'Oifigí um Aisghabháil Sócmhainní**, amhail sócmhainní a reo go práinneach agus rochtain a fháil ar bhunachair sonraí. Thacaigh na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní ag Ardán ARO leis an moladh sin. Ina theannta sin, thacaigh na húdaráis náisiúnta a raibh ionadaíocht acu ag an gCoiste Teagmhála um Choigistiú leis an rogha **raon feidhme na Treorach Coigistithe a leathnú** agus d'iarr siad go ndéanfaí **tuilleadh comhchuibhithe agus comhair maidir le bainistíocht sócmhainní.**

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cad iad buntáistí na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad buntáistí na bpríomhroghanna)?**

Meastar go gcuirfidh **rogha na tosaíochta (rogha 3) go mór** le feabhas a chur ar chumas na mBallstát a ngnóthachain aindleathacha a bhaint de choirpigh. Trína áirithiú go mbeidh sé d'acmhainn ag na húdaráis inniúla sócmhainní a rianú níos fearr, luach na maoine a choinneáil agus sócmhainní arna ndíorthú ó ghníomhaíochtaí coiriúla ábhartha na ngrúpaí coireachta eagraithe a choigistiú go héifeachtach, **mhéadófaí go suntasach an méid sócmhainní coigistithe a d'fhéadfadh a bheith i gceist** leis an rogha bheartais thosaíochta. Trí laghdú a dhéanamh ar na brabúis airgeadais a thiomáineann gníomhaíocht choiriúil agus a ligeann do choirpigh oibriú, **rannchuideodh an rogha thosaíochta go mór leis an gcomhrac i gcoinne na coireachta eagraithe a threisiú**. Cuirfidh sé sin feabhas ar **bhraistint na saoránach ar an gceartas** agus méadóidh sé na deiseanna atá ann cúiteamh a thabhairt d'íospartaigh. **Bhainfeadh gnólachtaí tairbhe freisin** as laghdú ar an ngníomhaíocht choiriúil, go sonrach i gcás ina leathnófaí féidearthacht an choigistithe chun fáltas as coireanna a shaobhann an iomaíocht amhail an góchumadh nó calaois CBL. **Bhainfeadh riaracháin phoiblí leas** freisin as ioncam méadaithe a thabharfar ar ais chuig buiséad an stáit.

| **Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann di; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?** |
|---|
| Faoin rogha thosaíochta beidh **costais bhreise ar an riarachán poiblí** ós rud é go mbeidh a ndóthain acmhainní ag teastáil ó na hOifigí um Aisghabháil Sócmhainní agus ó na hOifigí um Bainistíocht Sócmhainní chun na cúraimí a shannfar a chomhlíonadh. Tá an meastachán costas thart ar EUR 30-40 milliún. Mar sin féin, **déanfar na costais bhreise a fhritháireamh le fuílleach trí bhearta a fheabhsaíonn éifeachtúlacht an phróisis aisghabhála sócmhainní ina iomláine**, ós rud é go bhféadfadh dúbailt neasach na sócmhainní aisghafa, arb ionann iad anois agus EUR 1 billiún in aghaidh na bliana, a bheith mar thoradh ar na bearta atá beartaithe. Ar an iomlán, meastar go mbeidh na costais ar na riaracháin phoiblí níos lú ná an t-ioncam a gheofar trí chóras athneartaithe aisghabhála sócmhainní. |
| **Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?** |
| Ní chuireann an rogha bheartais thosaíochta aon oibleagáid ar ghnólachtaí agus, dá bhrí sin, ní dhéanann sí difear díreach dóibh. |
| **An imreofar tionchair shuntasacha ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?** |
| Mar a luaitear thuas, cruthaíonn an rogha thosaíochta costais bhreise ar an mbuiséad agus ar an riarachán náisiúnta. Mar sin féin, cúiteofar iad sin le hioncam a thiocfaidh as an ráta méadaithe coigistíochta agus as gnóthachain éifeachtúlachta fhoriomlána. |
| **An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?** |
| Déanfaidh an rogha thosaíochta difear do na **cearta bunúsacha**, go háirithe maidir leis an gceart chun maoine, na cearta nós imeachta, agus cosaint na sonraí. Clúdóidh an rogha thosaíochta líon suntasach cionta agus éascófar an coigistiú. Mar thoradh air sin, déanfar difear do líon níos airde daoine agus sócmhainní. Mar sin féin, tá **coimircí láidre sa rogha thosaíochta agus comhlíonfaidh sí na ceanglais dhlíthiúla agus nós imeachta** a chumhdaítear sa chásdlí atá ann cheana. |
| **D. Iarobair** |
| **Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?** |
| Ba cheart meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an ghnímh reachtaigh, i bprionsabal tráth nach luaithe ná cúig bliana tar éis an sprioc-ama le haghaidh cur chun feidhme an ghnímh reachtaigh, lena áirithiú gurb ann do thréimhse sách fada chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an tionscnaimh tar éis é a bheith curtha chun lánfheidhme ar fud na mBallstát. Sula ndéanfaí meastóireacht den sórt sin, dhéanfaí tuarascálacha cur chun feidhme agus clár faireacháin. |